

## Conas a d'fhorbair gluaiseacht an Rialtais Dúchais le linn na tréimhse 1870-1886? (2017/2013)

Bhí neart athruithe sa pholaitíocht le linn na tréimhse 1870 go 1886, go háirithe dóibh siúd ar theastaigh Rialtas Dúchais uathu. D'fhorbair an ghluaiseacht seo go suntasach a bhuí le Gladstone, Butt agus Parnell. Bhí go leor constaicí rompu thar na blianta. Theip orthu freasúra neamhspleách a fháil agus bhí míshástacht i bPáirtí an Rialtais Dúchais. Ba thréimhse an-suntasach í an tréimhse seo, áfach, mar gur tugadh an chéad Bhille Rialtas Dúchais isteach i dTeach na dTeachtaí.

Thosaigh gluaiseacht an Rialtais Dúchais leis an abhcóide Protastúnach, Isaac Butt. Bhí imní air faoin gcaoi ar caitheadh leis na Fíníní. Ní hamháin go ndearna sí ionadaíocht dóibh sa chúirt, agus thosaigh sé feachtas maithiúnais dóibh chomh maith. Tríd an obair seo, tháinig sé ar an tuairim gur theastaigh Rialtas Dúchais (RD) ó Éirinn. Chabhraigh an mhíshástacht a bhí go forleathan in Éirinn le Butt an ghluaiseacht nua seo a chur chun cinn ó 1870 ar aghaidh.

I mí na Bealtaine 1870, tháinig ionadaithe ó ghrúpaí a bhí míshásta le chéile i mBaile Átha Cliath. I measc na ndaoine seo bhí feirmeoirí tionóntacha, tiarnaí talún, Fíníní, Protastúnaigh, Caitlicigh agus mar sin de. Rinne Butt óráid láidir ag an gcruinniú seo. Chuir sé ina luí ar dhaoine a bhí ann go raibh gá le parlaimint áitiúil le dul i ngleic le gnóthaí baile, cúrsaí iompair agus talmhaíochta mar shampla. Bunaíodh Comhlachas an Rialtais Dúchais ina dhiaidh sin. Ar an drochuair, ba dheacair an grúpa seo a láimhseáil toisc go raibh go leor d'aidhmeanna an ghrúpa ag teacht salach ar a chéile. Mheas Butt gur brúghrúpa a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath a bhí ann. Rinne sé an botún gan é a fhorbairt ina pháirtí polaitíochta náisiúnta go dtí 1873 nuair a bunaíodh Léig an Rialtais Dúchais. In 1874, bhí siad san iomaíocht ina gcéad toghchán agus ghnóthaigh siad 59 suíochán. Mar sin féin, ní raibh os cionn leath de na Teachtaí Parlaiminte nua seo tiomanta go hiomlán don RD.

Ní raibh baill de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) cinnte ar cheart dóibh tacú le Butt nó nár cheart. Roghnaigh go leor acu tacú leis agus bhunaigh Fíníní sa Bhreatain líonra ar ar tugadh Cónaidhm an Rialtais Dúchais. D'iarr siad ar Éireannaigh sa Bhreatain vótaí a chaitheamh ar son duine a thacódh le RD. B'fhorbairt iontach é seo don ghluaiseacht.

Sa bhliain 1872, thug Gladstone an tAcht Ballóide isteach. Chiallaigh sé go bhféadfadh feirmeoirí

tionóntacha vóta rúnda a chaitheamh. Bhí an fhorbairt seo idir dhearfach agus diúltach do Pháirtí an Rialtais Dúchais. Bhí feirmeoirí tionóntacha in ann vóta a chaitheamh ar aon duine agus thacaigh go leor acu le RD. Mar sin féin, d'fhágroinnt tiarnaí talún an cumann mar nár theastaigh parlaimint na hÉireann uathu toisc nach mbeidh smacht acu uirthi.

Tar éis thoghchán 1874, bhí dhá chonstaic shuntasacha roimh an ngluaiseacht RD. Ní raibh Léig an Rialtais Dúchais láidir go leor chun dul i mbun idirbheartaíochta le páirtithe eile agus ní raibh Gladstone i gcumhacht a thuilleadh. Ba é Disraeli, Coimeádach ar cuma leis faoi Éirinn, a bhí ina phríomh-aire. Bhí tromlach ag na Coimeádaigh sa pharlaimint, rud a chiallaigh nár theastaigh vótaí Éireannacha uathu. Chiallaigh sé seo nach mbeadh aon mhaitheas le freasúra neamhspleách. Bhí sé thar a bheith deacair ar Theachtaí Parlaiminte (MPanna) RD tionchar a imirt.

Laige eile sa ghluaiseacht ba ea ceannaireacht Butt. Ní raibh cumas polaitiúil ann agus bhí fadhb chearrbhachais thromchúiseach aige. Chiallaigh an fhadhb seo nach raibh sé i Westminster i gcónaí. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an tóir a bhí ar Parnell a bhí níos óige. Faoi 1879, bhí scoilt mhór sa pháirtí. Theastaigh ó roinnt MPanna (thart ar 20), ar ar tugadh Parnellígh, go mbeadh Parnell i gceann ar an bpáirtí is go mbeadh polasaí níos ionsaithí agus níos gníomhaí ag an bpáirtí. Thacaigh na 40 MP eile le Butt agus cheap siad gur antoisceach a bhí in Parnell. Fuair Butt bás go tobann i mí na Bealtaine 1879, agus roghnaíodh William Shaw mar cheannaire nua an pháirtí. Lean an tóir a bhí ar Parnell ag fás. Bhí sé ina uachtarán ar Chonradh na Talún agus ar Chónaidhm an Rialtais Dúchais. D'éirigh go maith leis na Parnellígh i dtoghchán 1880. Bhí Gladstone i gcumhacht arís agus toghadh 61 MP a thacaigh le RD. Go luath ina dhiaidh sin, toghadh Parnell ina cheannaire ar Pháirtí an Rialtais Dúchais.

In 1882, rinneadh Léig Náisiúnta de Chonradh na Talún Parnell. Bhí siad dírithe ar RD anois seachas ar cheist na talún. Páirtí polaitiúil a bhí ann a dhírigh go hiomlán ar thoghadh MPanna. Bhí smacht iomlán ag Parnell air, agus ba mheaisín polaitiúil éifeachtach, smachtaithe é. Bhí ar gach ball gealltanais páirtí a ghlacadh agus tugadh treoir dóibh “suí, gníomhú agus vótáil mar aon ní amháin” (“sit, act and vote as one”). Chinntigh na daoine a bhí faoi Parnell go raibh tacaíocht fhorleathan in Éirinn, agus faoi 1885, bhí 1200 brainse ar fud na tíre. Bhailigh na brainsí áitiúla seo airgead, d'eagraigh siad toghcháin, roghnaigh siad iarrthóirí agus chuir siad gealltanais an pháirtí ar na baill. Bhí an t-eagrú iontach seo riachtanach chun go n-éireodh leis an ngluaiseacht. Chiallaigh Acht Leasúcháin 1884 go raibh vóta ag 500,000 Éireannach breise. Tháinig feabhas ar shaol na vótálaithe seo a bhuí leis na leasuithe chóras na talún agus mar sin thacaigh siad le Parnell.

Ó 1882 go 1885, bhí go leor constaicí os comhair Parnell. Chuaigh Shaw agus na Fuigeanna (Whigs) isteach leis na Liobrálaithe, a raibh tromlach mór acu i dTeach na dTeachtaí. Ní raibh ach 45 MP ag Parnell, rud a chiallaigh go mbeadh freasúra neamhspleách dodhéanta. Agus Olltoghchán 1885 ag teannadh leis, bhí Parnell fós ag iarraidh beartas freasúra neamhspleách a thabhairt isteach. Bhí Coimeádaigh ar nós an Tiarna Carnavorn agus Randolph Churchill ag labhairt le Páirtí an Rialtais Dúchais. Cé go raibh eagla ar Parnell nach ndearna na daoine seo ionadaíocht ar thuairimí an pháirtí ar fad, thug sé treoir dá lucht leanta i Sasana vótáil do na Coimeádaigh. Bíodh sin amhlaidh, ghnóthaigh na Liobrálaithe 335 suíochán sa toghchán agus ghnóthaigh na Coimeádaigh 249 suíochán. Ba é 86 suíochán idir an dá pháirtí, agus mar a tharla sé, ba í 86 an uimhir suíochán a ghnóthaigh Parnell agus lucht RD. Chiallaigh sé seo nach raibh aon mhaitheas in Parnell do Churchill.

Mar sin féin, lean forbairt thábhachtach é seo ar an 17 Nollaig, 1885. Scaoil mac le Gladstone an rún go raibh sé i gceist ag a athair bille RD a thabhairt isteach ag ócáid ar ar tugadh an *Hawarden Kite*. Nuair a tháinig an pharlaimint le chéile i mí Eanáir 1886, dhiúltaigh Salisbury don Rialtas Dúchais agus bhí deireadh leis an gcomhghuaillíocht. Vótáil Parnell agus MPanna leis na Liobrálaithe agus rinneadh príomh-aire de Gladstone arís.

Thug Gladstone an chéad Bhille Rialtas Dúchais isteach in Aibreán 1886. Bhí sé i bhfad níos flaithiúla ná mar a bhí súil ag aon duine. Bheadh parlaimint i mBaile Átha Cliath chun déileáil le gnóthaí áitiúla agus cé nach suífeadh MPanna Éireanna i Westminster, bheadh Westminster fós ag déileáil le gnóthaí eachtracha, cogadh agus síocháin mar shampla. Bheadh ar Éirinn 1/15 den bhuiséad Impiriúil a íoc freisin. Cé gur diúltaíodh don Bhille sa deireadh i mí an Mheithimh, bhí sé fós ar cheann de na forbairtí ba shuntasá sa ghluaiseacht. Ba iad Aontachtaithe Liobrálacha (93 acu) i bpáirtí Gladstone fíorchonstaic an bhille seo; vótáil siad ina choinne.

Bhí an tréimhse 1870-1886 lán de chonstaicí. Bhí neart forbairtí iontacha sa tréimhse seo, mar sin féin. Tar éis do Theach na dTeachtaí diúltú don Bhille Rialtas Dúchais, bhí ar Gladstone éirí as a ról. D'fhan na Coimeádaigh i gcumhacht don chuid is mó den 20 bliain ina dhiaidh seo tríd an "gcárta oráiste a imirt" ("by playing the orange card"). Bhí Parnell ceangailte anois lena chomhghuaillíocht Liobrálach, agus chaill sé a chumas a bheith ag gluaiseacht. "Bhí freasúra neamhspleách marbh" ("independent opposition was dead"), agus bhí sé dodhéanta Bille Rialtas Dúchais eile a thabhairt isteach go dtí 1893.